BOIRD OIDEACHAIS AGUS LEABHARLAINNE THUAISCEART ÉIREANN

# IARRATAS AR CHLÁRÚ I mBUNSCOIL SMACHTAITHE, CHOTHAITHE NÓ IMEASCTHA SA SCOILBHLIAIN 2014/15

Léigh Leabhrá(i)n Eolais an Bhoird sula líonfaidh tú an fhoirm seo le do thoil. Tabhair aire ar leith do na treoirnótaí thall ar líonadh na foirme agus do Chritéir Iontrála na scoileanna a bheas tú ag ainmniú mar shainroghanna.

**NÁ CUIRFEAR ISTEACH ACH AON FHOIRM IARRATAIS AMHÁIN IN AINM DO PHÁISTE. *LÍON I nDÚCH DHUBH LE DO THOIL***

## ROINN A – AN PÁISTE

**D'ÚSÁID SCOILE**

**Foirm faighte i mBunscoil an 1 rogha**

**Dáta** ☐ **Am** ☐ **Cinnlit.** ☐

Teastas Breithe cinntithe & ceangailte ☐

**Aois Éig. Scoile** ☐ **Aois Neamh-éig. Scoile** ☐

**Sloinne*** ______________________

*( * mar atá cláraithe ar an teastas breithe)*

**Ainm(neacha) Baiste *** ______________________

**Dáta breithe an pháiste** ______________________

(CAITHFIDH AN TEASTAS BREITHE A CHEANGAL LEIS AN FHOIRM SEO)

Gasúr ☐ Cailín ☐

**Ainm(neacha) Tuiste (-tí) nó Coimeádaí (-aithe) Dr/An tUas/Bn/In.**

______________________________________________

**Seoladh Bhaile an Pháiste** ______________________________

______________________________ **Cód Poist** ______________

**Uimhreacha Ghutháin tuiste(-tí) nó coimeádaí(-aithe)**

**Baile** ____________ **Póca** ____________ **Obair** ____________

**An bhfuil an páiste thuasluaite cláraithe i Naíscoil nó i rang fáilte i mbunscoil faoi láthair? TÁ / NÍL**

**Má 'TÁ' ainmnigh an naíscoil/bhunscoil a bhfuil an páiste ag freastal uirthi**

______________________________________________

## ROINN B – ROGHA SCOILEANNA AGUS CÚISEANNA NA ROGHANNA*

***(Baineann Cúiseanna an rogha le Critéir Iontrála foiolsithe (lean leat ar leathanach scartha más gá)**

Cláraigh, in ord rogha, **ceithre** bhunscoil ar mhian leat go ndéanfar machnamh ar iontráil do pháiste iontu. Ba chóir eolas eile ábharthach faoi iontráil do pháiste do scoil ar bith atá liostaithe, ba chóir á chlárú sna spásanna thíos (is féidir leathanaigh bhreise a cheangal). Tá sé rí-thábhachtach cúinsí speisialta a léiriú más mian leat iad a bheith curtha san áireamh (d'fhéadfadh fianaise bheith de dhíth). Má tá tú ag cur isteach ar Bhunscoil Imeasctha b'fhéidir gur mhian leat **traidisiún reiligiúnach** do pháiste a léiriú as siocair go bhfuil sé tábhachtach don scoil.

| **Rogha scoileanna** | **An bhfuil deartháireacha/deirfiúracha ag freastal faoi láthair?** TIC LE DO THOIL | **D'úsáid Boird** Roghn. | Diúltai. |
|---|---|---|---|
| 1. ______________ **Cúiseanna an rogha* ______________ | **TÁ** ☐ | | |
| 2. ______________ **Cúiseanna an rogha* ______________ | **TÁ** ☐ | | |
| 3. ______________ **Cúiseanna an rogha* ______________ | **TÁ** ☐ | | |
| 4. ______________ **Cúiseanna an rogha* ______________ | **TÁ** ☐ | | |

An é seo an leanbh is sine / an t-aon pháiste sa teaghlach? **TÁ** ☐

**LEIGH CRITÉIR IONTRÁLA GACH SCOIL ATÁ AINMNITHE THUAS AGUS CLÁRAIGH THÍOS NA CÁIPÉISÍ, MÁS ANN DÓIBH, ATÁ TÚ AG CEANGAL LEIS AN FHOIRM SEO LE DO THOIL.**

______________________________________________

Ticeáil má tá do pháiste á mheas fá choinne Riachtanais Speisialta Oideachais? ☐

Má tá tuilleadh sainroghanna agat lean ar aghaidh ar leathanach scartha le do thoil agus cuir ainm do pháiste ag an bharr. Ticeáil anseo le do thoil má tá tuilleadh sainroghanna ceangailte: ☐

## ROINN C – DEARBHÚ (le bheith sínithe ag tuismitheoir/coimeádaí)

Dearbhaím anseo go/gur/gurb:-

(a) seo í **AN T-AON** fhoirm iarratais **AMHÁIN** a chuir mé isteach i gcomhair bunoideachais don pháiste atá ainmnithe thuas (diomaite de Scoileanna Neamhspleácha /Réamhullmhúcháin).
(b) léigh mé Critéir Iontrála foilsithe na scoile(-anna) atá ainmnithe thuas.
(c) é seoladh bhaile an pháiste an seoladh a thug mé agus **CHAN É** seoladh gogamáin, gaol eile nó seoladh gnó.
(d) dtuigim gurb é freagracht s'agamsa gach eolas ábhartha a chur ar fáil ar an fhoirm iarratais seo nó a cheangal léi.
(e) bhfuil na sonraí a thug mé ar an fhoirm seo beacht. Tá a fhios agam má bhronnfar áit ar bhonn eolais bhréagach go dtarraingeofar siar í.

**SÍNITHE** ______________________________ ***(Tuismitheoir/Coimeádaí)*** **DÁTA** ___________

**CAITHFIDH AN FHOIRM SEO A BHEITH AG DO CHÉAD ROGHA SCOILE A LIOSTAIGH TÚ THUAS AR NÓ ROIMH 12 MEÁN LAE DÉ hAOINE 10 EANÁIR, 2014**

**RÁITEAS CHOSAINT SONRAÍ –** Tá an t-eolas ar an fhoirm seo de dhíth ar an Bhord le d'fhoirm a phróiseáil. Tá an t-eolas clúdaithe faoi fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí 1998. Glactar le do shíniú ar an fhoirm mar údarú uait leis an Bhord a cheadú an t-eolas a phróiseáil agus a choinneáil le haghaidh an ghnó/(na ngnóthaí) atá luaite.

# TREOIRNÓTAÍ:

Ullmhaíodh an chomhairle a leanas le cuidiú leat an fhoirm seo a líonadh. Moltar duit fosta an Leabhrán Eolais ar Bhunoideachas de chuid an Bhoird a léamh. Tá cóipeanna ar fáil ó scoileanna, ó Roinn Aistrithe agus Clárú Oscailte an Bhoird Guthán: 028 8241 1458/1459 nó 028 8225 4533, ó shuíomh ghréasáin BOLI **www.welbni.org** **(Cliceáil ar 'publications' agus ansin ar 'the services we offer' agus faoi dheireadh ar 'school enrolment and transfer')** agus ó do leabharlann áitiúil. **Caithfidh páistí a rugadh idir 2 Iúil 2009 agus 1 Iúil 2010 (san áireamh), caithfidh siad tosú ar bhunoideachas i Meán Fómhair 2014.**

## ROINN A – AN PÁISTE

Iarrtar ort eolas a thabhairt faoin pháiste a ba mhaith leat a chlárú. **Ainm an Pháiste** – Ba chóir duit cinntiú gurb é an t-ainm atá cláraithe ar theastas bhreithe an pháiste an t-ainm atá scríofa ar an fhoirm iarratais, ach amháin go bhfuarthas aontú i scríbhinn ó gach duine a bhfuil freagracht tuiste aige nó sa chás gur seoladh cead cúirte chun na Bunscoile , de réir coinníollacha an Acht um Páistí (TÉ) 1995. **CAITHFIDH teastas breithe do pháiste bheith curtha leis an fhoirm iarratais seo** mar aon le haon cháipéisí a iarrtar sna critéir iontrála foilsithe de na scoileanna atá tú ag clárú mar do roghanna. **Is é seoladh baile an pháiste** gnáthionad cónaithe an pháiste agus chan seoladh gogamáin nó gaol eile. **Tá sé tábhachtach go mbeidh uimhir an tí, ainm an bhóthair/na sráide agus an cód poist san áireamh.**

Má tá do pháiste cláraithe faoi láthair i naíscoil nó i naí-ionad **caithfidh** tú foirm iarratais a líonadh le cead iontrála a fháil do R1 i mBunscoil. Ní ghá do pháistí atá cláraithe i rang fáilte i mbunscoil iarratas eile a líonadh le cead iontrála a fháil do R1 sa scoil áirithe sin. Má táthar cláraithe faoi láthair i rang fáilte ach táthar ag iarraidh aistriú go scoil eile, sa chás seo beidh ort iarratas eile a líonadh le cead iontrála a fháil do R1 sa scoil sin. Má tá tú in amhras faoi seo ba chóir duit dul i gcomhairle le Príomhoide na scoile.

## ROINN B – SAINROGHANNA SCOILEANNA AGUS CÚISEANNA NA ROGHANNA

Iarrtar ort na scoileanna a scríobh síos, in ord do rogha, ar mhaith leat go bhfreastalódh do pháiste orthu. Moltar duit go tréan **ceithre** rogha a thabhairt ar a laghad de bharr go mb'fhéidir nach mbeadh do chéad rogha scoile in inmhe áit a thairiscint do gach páiste ar mhaith lena thuismitheoirí/choimeádaithe go bhfreastalódh sé uirthi.

Má tá barraíocht ag iarraidh cead iontrála i scoil roghnóidh Bord Ghobharnóirí na scoile na páistí siúd a gheobhaidh cead iontrála. Mínítear an dóigh a ndéanfar seo sa leabhrán faoi Bhunoideachas atá foilsithe ag an Bhord. Déanfar roghnú trí chur i bhfeidhm daingean na gcritéar iontrála foilsithe a dhear Boird na nGobharnóirí. Beidh na Critéir Iontrála éagsúla ó scoil go scoil agus, mar sin de, tá sé tábhachtach go léann tú an t-eolas seo go han-chúramach. Nuair a bheas tú ag comhlíonadh d'fhoirm iarratais ba chóir duit an t-eolas uilig a chur san áireamh a bheas de dhíth chun cuidiú le Boird Ghobharnóiri na scoileanna a chláraigh tú a gcuid daltaí a thoghadh. D'fhéadfadh an t-eolas a leanas a bheith san áireamh - deartháir / deirfiúr atá ag freastal cheana; deartháir / deirfiúr a d'fhreastail roimhe; páiste is sine; an t-aon pháiste amháin; baint eile teaghlaigh; gaol fostaithe sa scoil agus aon eolas ábharthach eile macasamhail stádas leighis srl. Tugann an fhoirm iarratais spás duit fosta le

cur síos ar chúiseanna do rogha scoile. Thiocfadh, mar shampla, 'an scoil oiriúnach is cóngaraí' nó 'is ball foirne na scoile seo mé' bheith i gceist.

**Nótáil:-** Is féidir leathanaigh bhreise a chur léi agus ba chóir duit ainm do pháiste a scríobh ag barr gach uile leathanach.

## ROINN C – DEARBHÚ

Ba chóir duit an dearbhú seo a léamh go cúramach agus cinntigh go bhfuil tú ag aontú leis na ráitis atá ann. Tá sé tábhachtach go háirithe gur thug tú seoladh BAILE ceart an pháiste. **Tá sé tábhachtach fosta nach bhfuil ach aon iarratas amháin curtha isteach do gach páiste.**

Ba chóir duit an fhoirm, mar aon le teastas breithe an pháiste agus aon cháipéisí de réir mar a iarrtar sna critéir iontrála foilsithe den/de na scoil(eanna) atá tú ag clárú, ba chóir duit iad a sheoladh chuig scoil do chéad rogha chomh gasta agus is féidir.

**I gcás na dtuismitheoirí / gcaomhnóirí siúd atá ag cur isteach ar áit i RANG 1, CAITHFIDH an fhoirm iarratais A BHEITH FAIGHTE AG DO CHÉAD ROGHA BUNSCOILE UM 12 MEÁN LAE DÉ hAOINE 10 EANÁIR, 2014.**

**Déileálfar le hiarratas ar bith a gheofar i ndiaidh an dáta seo mar 'Iarratas Mall' agus ní féidir á mheas go dtí go mbeidh folúntas sa scoil.**

## SOCRUITHE

Scríobhfaidh an scoil a ghlac le do pháiste chugat ar **an Cheadaoin 30 Aibreán 2014** ag dearbhú socruithe iontrála. Scríobhfaidh an BOL le tuilleadh roghanna a fhiosrú ó thuismitheoirí / choimeádaithe páistí atá in aois éigeantach scoile nár ghlac aon scoil ar bith, a bhí cláraithe ar an fhoirm iarratais, leo.

Má tá cuidiú ar bith eile de dhíth ort leis an fhoirm seo a líonadh thig leat dul i dteagmháil le Príomhoide do chéad rogha bunscoile nó le hOifigeach i Roinn Aistrithe agus Clárú Oscailte sa Bhord, guthán 028 8241 1458 / 1459 nó 028 8225 4533.

Tá tagairtí san fhoirm iarratais seo do na Boird Oideachais agus Leabharlainne (BOL). Tá sé beartaithe go ndíscaoilfear na BOL agus go n-aistreofar a gcuid feidhmeanna chuig an Údarás nua Oideachais agus Scileanna (ÚOS). Dá bhrí sin, ba chóir glacadh leis go bhfuil gach tagairt do na BOL ar an fhoirm seo ag tagairt do ÚOS nuair a thiocfaidh sé i ngníomh.